CINNEADH (CBES) 2020/1556 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Deireadh Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/638/CBES ([1]) maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/638/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha sin go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2021.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/638/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 8(2) de Chinneadh 2010/638/CBES:

"2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2021. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 23 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. SCHULZE

([1]) Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine (IO L 280, 26.10.2010, lch. 10).